

Comórtas Aistí 3ú Leibhéal

Gairm ar aistí – Márta 2021

Is mian le Rannóg Foclóireachta Fhoras na Gaeilge spéis san fhoclóireacht a spreagadh i measc mic léinn 3ú leibhéal (suas go leibhéal MA) agus iad a chur ag machnamh faoi ghairmeacha le Gaeilge. Chuige sin tá comórtas aistí á fhógairt ag an Rannóg Foclóireachta ina bhfáilteofar roimh aistí acadúla i réimse na foclóireachta ó scoláirí 3ú leibhéal ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.

Treoir

Aiste 2,000 focal ar aon téama a bhaineann le foclóireacht chomhaimseartha na Gaeilge, mar shampla aon ghné de chleachtas na foclóireachta, léirmheas a dhéanamh ar fhoclóir/fhoclóirí, anailís chomparáide, srl.

Ní mór téama a roghnú atá ceangailte go dlúth le ceird na foclóireachta. Má tá mac léinn in amhras faoin téama atá roghnaithe acu is féidir leo ceist a chur chuig an seoladh ríomhphoist thíos.

Le haistí i nGaeilge **amháin** a ghlacfar. Ní ghlacfar le haistí atá foilsithe in áit éigin eile cheana féin.

Duaiseanna

As na haistí a mheastar a bheith ar an gcaighdeán cuí, bronnfar €200 ar an aiste is fearr i ngach cúige agus ar an aiste idirnáisiúnta is fearr, agus bronnfar €300 sa bhreis agus bonn ar an aiste is fearr ar fad.

Spriocdháta

- Seol an aiste chuig focloir@forasnagaeilge.ie faoi **5.00pm, Dé hAoine, 30 Aibreán 2021**.
- Bíodh **Comórtas Aistí 2021** mar theideal ar an ríomhphost.

Cur i láthair na haiste

Ní mór an aiste a chur i láthair mar seo a leanas:

- Líon focal: 2,000 (gan an leabharliosta san áireamh)
- leathanaigh A4
- leathanach clúdaigh ar a bhfuil
 - ainm na haiste
 - ainm an mhic léinn
 - seoladh an mhic léinn (air seo a bhunófar an réigiún tíreolaíoch a shannfar do gach aiste)
 - ainm na hinstiúide lena mbaineann an mac léinn (ná cuirtear an t-eolas seo in aon áit eile san aiste)
- Times New Roman, 12pt, spásáil dhúbailte, gnáthchló rómhánach

- le haistí leictreonacha i bhfoirm Word (.docx/.doc) nó i bhfoirm PDF (.pdf), agus leo sin amháin, a ghlacfar

Ní mór bheith cúramach faoi chúrsaí gramadaí, litrithe, stíle agus poncaíochta.

Ba chóir úsáid a bhaint as córas aitheanta tagartha ar nós Harvard nó APA san aiste. Ní ghlacfar le haistí ina bhfuil bradaíl fhollasach. Ba chóir leabharliosta a chur ag deireadh na haiste ina liostaítear gach foinse dá dtagraítear san aiste.

Measúnú

Painéal de dhaoine i bhForas na Gaeilge agus daoine seachtracha a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar na haistí agus na buaiteoirí a roghnú. Beidh obair agus plé an phainéil faoi rún.

Sannfar cód uathúil do gach aiste agus déanfar *marcáil dhall* ag gach ceann díobh. Ní bheidh sonraí an iarrthóra le feiceáil ag an marcálaí.

Ní bheidh dul thar bhreith an phainéil mheasúnaithe. Ní bheidh córas achomhairc ann.

Déanfar ainmneacha na mbuaiteoirí agus na hinstiúidí lena mbaineann siad a fhoilsiú agus cuirfear ainmneacha na mbuaiteoirí ar fáil do na meáin.

Tuilleadh eolais

Is féidir le mac léinn ar bith atá ag freastal ar chúrsa 3ú leibhéal in Éirinn nó thar lear cur isteach ar an gcomórtas seo.

Ní gá gur cúrsa sa Ghaeilge a bheadh idir lámha ag an mac léinn le cur isteach ar an gcomórtas.

Ní ghlacfar le haistí ó dhaoine nach bhfuil ag freastal ar chúrsa 3ú leibhéal agus beidh de cheart ag Foras na Gaeilge cruthúnas a lorg go bhfuil iarrthóir ina m(h)ac léinn 3ú leibhéal.

Ní ghlacfar le haistí ó mhic léinn dochtúireachta.